Máistir Gairmiúil le hOideachas (Bunmhúinteoireacht)

Riachtanais agus Nós Imeachta Iontrála do 2020

1. Clár oiliúna múinteoirí iarchéime don bhunmhúinteoireacht is ea é seo (2020–2022) do dhaoine a bhfuil Céim Baitsiléara onóracha acu ar Leibhéal 8 nó dóibh siúd atá ag súil le scrúduithe deiiridh a bheith críochnaithe acu roimh an Luan, 6 Iúil 2020.

Clár lánaimseartha é seo, ag tosú i Meán Fomhair 2020 agus ag críochnú i samhradh 2022 agus cuirfear ar fáil é sna hInstitiúidí Ardoideachais seo a leanas:

- Institiúid Oideachais OCBÁC, OCBÁC Campas Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9. (ioemailto:mailto:@dcu.ie), Fón: (01) 884 2212.
- Coláiste Mhuire gan Smál, An Cuarbhóthar Theas, Luimneach. (admissions@mic.ul.ie), Fón: (061) 204348.
- Roinn Bunoideachais agus Oideachas Luathóige Froebel, Ollscoil Mhá Nuad, Má Nuad, Co Chill Dara. froebel.department@mu.ie: Fón: (01) 4747400. http://www.froebel.ie/
- Institiúid Oideachais Marino, Ascall Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9. (admissions@mie.ie). Fón: (01) 8057742.

Beidh líon teoranta áiteanna ar fáil ar an cláir seo agus roghnófar iarrthóirí rathúla trí chomórtas. Tabhar faoi dearadh go mb'fhéidir go ndéanfar gearrliostú.

Tá daoine a chríochnaíonn an clár seo go rathúil incháilithe ar chlárú ag an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Bhealach 1: Bunscoil agus dá bhrí sin beidh siad incháilithe ar cheapachán i mbunscoileanna.

2. Nós Imeachta Iarratais agus Dáta Deiridh

Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) do na hiarrthóirí go léir

Tabhair faoi deara nach mór do gach iarrthóirí ionchasach an chomhpháirt cainte de scrúdú Theastas Eorpach na Gaeilge (TEG) Meánleibhéal 1 (B1) sa Ghaeilge a bheith déanta acu agus marc 65% nó os a chionn a bheith faighte acu roimh an dáta deiridh (i.e. 30 Márta 2020) chun na riachtanais iontrála a shásamh.

Tá clárú ar oscailt anois agus is é an dáta deiridh d'iarratais TEG ar líne **12 meán lae Dé Céadaoin, 8 Eanáir 2020.** Más rud é nach bhfuil tú cláraithe cheana do scrúdú Theastas Eorpach na Gaeilge (TEG) (CAINTE), beidh ort clárú ag an **an nasc seo.**

Is é Lárionad na Gaeilge - Taighde, Teagasc agus Tástáil in Ollscoil Mhá Nuad a riarfaidh an scrúdú cainte Gaeilge agus ní mór d'iarrthóirí iarratas ar leith a dhéanamh chun an scrúdú cainte Gaeilge seo a dhéanamh. Tá tuilleadh eolais, agus treoirlínte scrúdaithe san áireamh, ar fáil anseo: http://www.teg.ie/about-exams/teg-pme-primary-teaching.860.html

Iarratais chuig gach Institiúid Ardoideachais (HEI).

- Ba chóir iarratais chuig **Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach** a chur ar ais go díreach chuig an Oifig Iontrála sa Choláiste ag an seoladh thuas. Tá ábhar iarratais ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choláiste: www.mic.ul.ie.

- Ba chóir iarratais chuig **Institiúid Oideachais OCBÁC** a dhéanamh tríd an Ionad Iarratais Iarchéime www.pac.ie/dcu . (Cód an chúrsa DC970). Ní mór gach doiciméad tacaíochta a chur isteach trí Pac.ie faoi dháta deiridh an chúrsa.

- Ba chóir iarratais chuig Iarratais to **Roinn Bunoideachais agus Oideachas Luathóige Froebel, Ollscoil Mhá Nuad** agus **Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath** a chomhlánú ar líne ag maestro.mie.ie/appcentre.

Is é an **dáta deiridh** chun iarratais chomhlánaithe chuig na ceithre institúidí thusluaite a fháil **5p.m. Dé Luain 30 Márta 2020**.

Ba chóir go gach iarrthóir an nós imeacht roghnúcháin a luaitear i Roinn 4 thíos a nótáil.

3. Coinníollacha Incháilitheachta

Iarrthóirí must have the following academic qualifications:

(a) **Céim Baitsiléara Onóracha H2.2 ar a laghad (**Mórghradam ar Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí) **nó** mórghradam ar Leibhéal 9 nó mórghradam ar Leibhéal 10 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí,

AGUS

(b) ceann amháin de na tacair seo a leanas de cháilíochtaí dara leibhéal:

(i) i scrúdú na hArdteistiméireachta

Ábhar	**Gaeilge**	**Matamaitic**	**Béarla**
Grád Íosta (Scéim nua 2017)	H5	H7 nó O6	H7 nó O5
Marc %	50% - 59%	30%-39% nó 40%-49%	30% -39% nó 50% - 59%

H – Ardleibhéal
O – Gnáthleibhéal

Leagtar amach na gráid agus na marcanna % i scéim grádaithe 1992-2016 agus scéim nua 2017 in Aguisín 1

(ii) i scrúduithe GCSE agus GCE A-Leibhéal Thuaisceart Éireann: Grád C i GCE A-Leibhéal Gaeilge; Grád C ar Leibhéal GCSE sa Bhéarla agus Litríocht an Bhéarla araon nó Grád B ar Leibhéal GCSE i gceachtar díobh; agus Grád D ar Leibhéal GCSE sa Mhatamaitic Bhreise nó Grád C ar Leibhéal GCSE sa Mhatamaitic.

Ní mór d'iarrthóirí fianaise a sholáthar don Institiúid Ardoideachais go bhfuil a gcéim suite mar mhórghradam ar an leibhéal cuí ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. **Ní mór d'iarrthóirí riachtanais (a) agus (b) a shásamh faoin Luan Monday, 6 Iúil 2020 agus ní mór dóibh fianaise dhoicinéadach a sholáthar go bhfuil na riachtanais sin sásaithe acu.**

Roghanna ar cháilíocht dara leibhéal sa Ghaeilge, Béarla nó Mata

Glacfar le Pas i Scrúdú *na Chéad Bhliana* Ollscoile sa Ghaeilge, sa Bhéarla nó sa Mhatamaitic in ionad an riachtanais maidir le Scrúdú na hArdteistiméireachta nó GCE/GCSE don ábhar ábhartha.

Roghanna ar cháilíocht dara leibhéal sa Ghaeilge

- Grád C a fuarthas sa Scrúdú Máithreánaigh (a bhí ann suas le 1992)
- Dioplóma sa Ghaeilge, Leibhéal C1, OÉG
- Dioplóma sa Ghaeilge, Leibhéal B2, OÉG
- Dioplóma sa Ghaeilge, Ollscoil Mhá Nuad
- Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) ar Leibhéal B2, Ollscoil Mhá Nuad
- Dioploma sna hEalaíona (Gaeilge Fheidhmeach), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Dioplóma sa Ghaeilge (An Ghaeilge sa Saol Comhaimseartha), Ollscoil Luimnigh
- Dioplóma sa Ghaeilge in Ollscoil Uladh

Roghanna ar cháilíocht dara leibhéal sa Mhatamaitic

- Pas sa Mhatamaitic a fuarthas sa Scrúdú Máithreánaigh (a bhí ann suas le 1992).
- Grád tuilleamais (65-79%) nó grád gradaim (80-100%) a fuarthas i gCúrsa Matamaitice QQI Leibhéal 5 (5N 1833).

AGUS FREISIN

(c) Scrúdú Cainte Gaeilge

Ní mór d'iarrthóirí 65% nó níos airde a fháil ar an gcomhpháirt cainte de scrúdú Theastas Eorpach na Gaeilge (TEG) Meánleibhéal 1 (B1) sa Ghaeilge roimh an dáta deiridh d'iarrtais (i.e. 30 Márta 2020) chun na riachtanais iontrála a shásamh

Beidh toradh rathúil sa TEG cainte bailí \ar feadh dhá bhliain sula mbeidh gá an scrúdú a dhéanamh arís. Tá iarrthóirí a fuair 65% ar a laghad sa scrúdú cainte TEG le dhá bhliain anuas incháilithe ar iarratas a dhéanamh.
Áireofar sa Scrúdú Cainte sa Ghaeilge**:-**

- comhrá faoi ghnáththopaicí, ag tabhairt eolais agus ag cur tuairimí in iúl;
- rólimirt i suíomh a thugtar, ag lorg eolais, ag tabhairt eolais agus ag cur tuairimí in iúl;
- scéal simplí a insint, ag cur síos ar cad atá ag tarlú i sraith de phictiúirí.

Ba chóir d'iarrthóirí a nótáil go bhfuil gá le leibhéal ard líofachta sa Scrúdú Cainte sa Ghaeilge agus ba chóir dóibh ullmhú don scrúdú dá réir. Féach http://www.teg.ie/_fileupload/guides/B1_treoir_PME_EN.pdf do thuilleadh eolais.

Tá clárú ar oscailt anois agus is é an dáta deiridh d'iarratais TEG ar líne **12 meán lae Dé Céadaoin, 8 Eanáir 2020.** Más rud é nach bhfuil tú cláraithe cheana do scrúdú Theastas Eorpach na Gaeilge (TEG) (CAINTE), beidh ort clárú ag an **an nasc seo.**

4. Nós Imeachta Roghnúcháin

Agallamh

Beidh ar iarrthóirí incháilithe dul faoi agallamh. reáchtálfar an t-agallamh seo as Béarla. Is féidir suas le 100 a bhronnadh as feidhmíocht san agallamh. Iarrthóirí a fhaigheann grád "teip" san agallamh, díbreofar ón gcomórtas iad. Is é cuspóir an agallaimh a fháil amach faoi oiriúnacht an iarrthóra le páirt a ghlacadh i gclár oiliúna bunmhúinteoirí.

Marcanna breise bronnta ar mhic léinn a chríochnaíonn scrúdú cainte TEG ar leibhéal ard.

- Féadfar suas le 10 mar breise a bhronnadh ar mhic léinn a chríochnaíonn an scrúdú cainte TEG go rathúil ar leibhéal ard agus cuirfear na marcanna seo lena scór agallaimh. Faigheann iarrthóirí a bhaineann idir 90-100% amach 10 marc sa bhreis, agus faigheann iarrthóirí a bhaineann idir 80-89% amach 5 mharc sa bhreis.

- Iarrthóirí a chríochnaíonn an scrúdú cainte TEG agus a bhaineann 65-79% amacj, ní fhaigheann siad marcanna breise agus measfar go mbeidh pas faighte acu sa scrúdú agus go mbeidh siad incháilithe ar an gclár.

- Iarrthóirí a bhfuil pas faighte acu i leibhéil níos airde TEG (B2, C1 agus C2), faigheann siad 10 marc sa bhreis.

Ionaid Agallaimh

Cuirfidh na hInstitiúidí Ardoideachais cuí iarrthóirí ar an eolas faoi dháta, am, ionad, *etc*, a n-agallaimh agus ní mór dóibh freastal ar a gcostas féin. Is é an t-ionad a bheidh ann Baile Átha Cliath agus/nó Má Nuad agus/nó Luimneach.

5. Eolas Ginearálta

Socrúchán Gaeltachta
Tinreamh agus Costas: Ní mór do na mic léinn go léir a ligtear isteach ar an gclár freastal ar dhá shocrúchán cónaithe sa Ghaeltacht. Mairfidh gach socrúchán ar feadh dhá sheachtain. Ba chóir a nótáil gur cuid ***éigeantach*** den chlár é seo. D'fhógair an Roinn Oideachais agus Scileanna go raibh sé ar intinn acu an deontas Gaeltachta a thabhairt ar ais do mhic léinn as Cláir Oiliúna Tosaigh do Mhúinteoirí le feidhm ón mbliain acadúil 2020/21.

Deontais do Mhic Léinn:

Is é SUSI (Student Universal Support Ireland) údarás bronnta aonair na hÉireann do gach deontas ardoideachais agus breisoideachais. Beidh tuuilleadh eolais maidir le Scéim Deontais na Mac Léinn don bhliain acadúil 2020/2021 ar fáil sna míonna amach romhainn ar shuíomh gréasáin SUSI ag www.susi.ie

Oiriúnacht chun Cleachtadh:
1. *Grinnfhiosrúchán an Gharda:* Sular féidir clárúchán mic léinn a chur i gcrích, ní mór don mhac léinn dul faoi próiseas grinnfhiosrúcháin an Gharda lena fháil amach cé acu an bhfuil nó nach bhfuil aon chiontú aige/aicí nó aon chúisimh choiriúla ar feithimh. Má dhearbhaíonn an próiseas seo gurb ann dá leithéid, cuirtear an cás faoi bhráid Coiste Grinnfhiosrúcháin san Institiúid Ardoideachais a chinneann cé acu an féidir nó nach féidir leis an mac léinn leanúint dá gclár staidéir.

2. *Riachtanais Leighis:* Iarrtar ar roinnt mac léinn oiliúna múinteoirí atá ag teacht isteach Foirm Faisnéise Stádas Sláinte a líonadh isteach, a thugann le fios cé acu an bhfuil aon tinneas nó míchumas suntasach leanúnach acu a d'fhéadfadh dul i gcion go diúltach ar a gcumas le riachtanais an chláir a shásamh, lena n-áirítear Socrúchán Scoile. Maidir le hiontrálaithe a luann cúinsí sláinte, míchumais nó síceolaíochta suntasacha, déanfar iad a mheas ar bhonn aonair lena fháil amach cé acu, le socrú réasúnta, an mbeadh sé de chumas acu tabhairt faoi éilimh an chláir. Ní dhéanfar daoine a eisiamh ón gclár ar an mbonn go bhfuil riocht nó míchumas ar leith orthu má mheastar gur dócha go mbeidís ábalta riachtanais an chláir a shásamh ach socrú nó socruithe réasúnta a bheith ann. Cuirfidh an Institiúid Ardoideachaiss comhairle ar mhic léinn maidir leis an nós imeacht le leanúint ina leith seo.

Le linn an chláir oiliúna múinteoirí lánaimseartha seo, **níl** cead ag rannpháirtithe gabháil do ghnó ná aon chlár staidéir eile gan cead roimh ré ó Uachtarán/Ceann Roinne na hInstitiúide Ardoideachais.

Tá tuilleadh eolais faoin gclár ar fáil ó rogha Institiúide Ardoideachais an iarrthóra.

Aguisín 1

Scéimeanna Grádaithe Ardteistiméireachta (Scéim 1992-2016 agus Scéim Nua 2017)

Scéim 1992 – 2016	**% a Bronnadh**	**Scéim Nua 2017 ar aghaidh**	**% a Bronnadh**
A1	90-100	H1 / O1	90-100
A2	85<90	H2 / O2	80<90
B1	80<85		
B2	75<80	H3 / O3	70<80
B3	70<75		
C1	65<70	H4 / O4	60<70
C2	60<65		
C3	55<60	H5 / O5	50<60
D1	50<55		
D2	45<50	H6 / O6	40<50
D3	40<45		
E	25<40	H7/O7	30<40
F	10<25	H8/O8	0<30